Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Samhain 2022
(OR. en)

14481/22

COH 107
SOC 613

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí maidir leis an mbeartas comhtháthaithe<br>– *Formheas* |

1. Scrúdaíodh na dréachtchonclúidí ón Uachtaránacht maidir leis an mbeartas comhtháthaithe ag cruinnithe na Meithle um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí an 12 agus an 27 Meán Fómhair agus an 10 agus an 24 Deireadh Fómhair 2022. Tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú maidir leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle na conclúidí seo ón gComhairle a ghlacadh mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad.

**DRÉACHT**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBeartas Comhtháthaithe**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

(1) MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí uaithi i mí an Mheithimh 2022 maidir leis an 8ú tuarascáil faoin gComhtháthú dar teideal 'An Comhtháthú san Eoraip faoi 2050';

(2) MEABHRAÍTEAR DI gurb é an Beartas Comhtháthaithe an príomhbheartas lena ndírítear ar fhorbairt shocheacnamaíoch réigiúin an Aontais agus go ndéantar iarracht leis an mbeartas éagothromaíochtaí a laghdú idir na réigiúin sin, mar a leagtar amach in Airteagal 174 CFAE; agus MEABHRAÍTEAR DI gur comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach atá mar phríomhchuspóir ag an tionscadal Eorpach agus CUIREANN SÍ I dTREIS na rioscaí a bhaineann le héagothromaíochtaí méadaithe réigiúnacha a bhíonn mar thoradh ar ghéarchéimeanna agus ar an staid gheopholaitiúil atá ag teacht chun cinn;

(3) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé leas airgeadais an Aontais a chosaint, i bhfianaise an Rialacháin maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint;

**Breisluach an Bheartais Chomhtháthaithe**

(4) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an Beartas Comhtháthaithe solúbtha, nua-aimseartha agus fadtéarmach, agus ADMHAÍONN SÍ an ról atá ag an mBeartas Comhtháthaithe ó thaobh rannchuidiú le forbairt an Aontais amach anseo i dtéarmaí comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú, feabhas a chur ar cháilíocht saoil shaoránaigh an Aontais, tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar aeráidneodrach, ciorclach, glas agus digiteach agus margadh inmheánach cothrom á áirithiú agus iomaíochas an Aontais á mhéadú ar scála domhanda;

(5) TARRAINGÍONN SÍ AIRD ar éifeacht ghiarála an Bheartais Chomhtháthaithe; CUIREANN SÍ I dTREIS go meastar, 15 bliana tar éis dheireadh na tréimhse cur chun feidhme, gur ghin gach EUR 1 a caitheadh ar an mBeartas Comhtháthaithe EUR 2.7 de OTI breise ar leibhéal an Aontais[1];

(6) MEABHRAÍTEAR DI go raibh an Beartas Comhtháthaithe ceannródaíoch ó thaobh cleachtas meastóireachta agus clársceidealú torthaí-dhírithe a úsáid. D'fhéadfaí an dea-chleachtas ón mBeartas Comhtháthaithe a scaipeadh a thuilleadh i mbeartais eile atá ag an Aontas;

(7) AITHNÍONN SÍ nach ionstraim ghéarchéime é an Beartas Comhtháthaithe, cé gur cruthaíodh go gcuidíonn sé le héifeachtaí na ngéarchéimeanna a tharla le déanaí a mhaolú, agus TÁ SÍ DEN TUAIRIM gur cheart a bheith in ann an Beartas Comhtháthaithe a chur in oiriúint d'fhorbairtí nua gan a chuspóirí struchtúracha agus fadtéarmacha a chur i mbaol;

(8) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gné lárnach é modh na bainistíochta comhroinnte lena n-áirithítear cur chun feidhme éifeachtach an Bheartais Chomhtháthaithe, agus go ngabhann tionchair dhearfacha leis lena gcuirtear leis an méid seo a leanas:

- rannpháirtíocht chuí a áirithiú ar an leibhéal fo-náisiúnta chomh maith le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe de réir phrionsabal na comhpháirtíochta, agus braistint úinéireachta a chruthú i dtaca le cláir agus treochtaí forbartha, chomh maith le muintearas a chothú i ndáil leis an tionscadal Eorpach;
- feabhas a chur ar acmhainneacht agus ar cháilíocht an riaracháin phoiblí, ar an gcur chuige pleanála straitéisigh a ghabhann leis i dtaca le hinfheistíocht a bhunaítear ar loighic na hidirghabhála fónta, ar threoirlínte maidir le torthaí, agus ar fheidhmíocht bhuiséadach;
- clársceidealú ón mbun aníos a cheadú agus treochtaí nua domhanda a nascadh agus beartais náisiúnta agus réigiúnacha á gceapadh agus infheistíocht á pleanáil (e.g. díriú ar speisialtóireacht chliste agus ar an gclaochlú digiteach, cathracha cliste, cur chuige áitbhunaithe, cur i bhfeidhm an mheasúnaithe tionchair chríochaigh);

[1] An t-ochtú tuarascáil faoin gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, Comhtháthú san Eoraip faoi 2050, Caibidil 9: Tionchar an Bheartais Chomhtháthaithe

(9) CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go gcuirtear leis an mbaol forluí le hidirghabhálacha an Bheartais le hiolrú na n-ionstraimí cistiúcháin, go bhféadfaí acmhainneacht an Bheartais Chomhtháthaithe a chuspóirí fadtéarmacha a bhaint amach a chur i mbaol, go méadaítear na costais a bhaineann leis an gcomhordú agus go gcuirtear ualach riaracháin ar na Ballstáit, ar na réigiúin agus ar na tairbhithe;

(10) TÁ SÍ DEN TUAIRIM gur cheart na línte deighilte idir na hionstraimí éagsúla a bheith dea-shainithe agus gur cheart do na hionstraimí eile a bheith comhlántach agus i sineirge leis an mBeartas Comhtháthaithe, d’fhonn ilroinnt shaorga agus dúbláil infheistíochtaí a sheachaint;

**Tréimhse chlárúcháin 2014-2020**

(11) IS DÍOL SÁSAIMH DI a torthaí a baineadh amach i gclárthréimhse 2014-2020 agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an anailís a thíolaic an Coimisiún san 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú;

(12) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá díriú ar chlabhsúr chlárthréimhse 2014-2020 agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar na solúbhtachtaí féideartha uile agus na rialacha mionsonraithe le haghaidh clabhsúir a sainiú aige, chun gur féidir oibríochtaí a chur chun feidhme go héifeachtach éifeachtúil ar an gcaoi sin;

(13) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na húdaráis réigiúnacha, i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, torthaí agus tairbhí an Bheartais Chomhtháthaithe a scaipeadh go forleathan agus a chur os comhair an phobail;

**An Beartas Comhtháthaithe agus a fhreagairt shaincheaptha ar na géarchéimeanna a bhí ann le déanaí**

(14) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go raibh ról tábhachtach ag an mBeartas Comhtháthaithe i gcomhrac iarmhairtí eacnamaíocha ghéarchéim COVID-19 agus MEABHRAÍTEAR DI gur glacadh go gasta na tograí reachtacha ón gCoimisiún maidir le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe do Dhídeanaithe san Eoraip (CARE), an réamh-mhaoiniú méadaithe ó acmhainní REACT-EU agus FAST-CARE;

(15) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar éifeachtaí eacnamaíocha agus sóisialta ionsaí míleata gan chúis na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear staid na margaí fuinnimh agus an bhoilscithe, agus féachaint ar bhearta breise chun a áirithiú go gcuirfear cláir an Bheartais Chomhtháthaithe chun feidhme, más gá;

**Tréimhse chlárúcháin 2021-2027**

(16) IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil na rialacha cur chun feidhme níos simplí agus níos solúbtha i gcreat reachtach 2021-2027; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tionchar na rialacha sin a mheasúnú agus faireachán a dhéanamh ar dheiseanna le haghaidh tuilleadh simplithe, go príomha i dtéarmaí an ualaigh riaracháin i gcás na ngeallsealbhóirí uile lena mbaineann i gcomparáid leis an mbreisluach iarbhír;

(17) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gnéithe chlárthréimhse 2021-2027, mar shampla:

- gur neartaíodh an nasc idir an Beartas Comhtháthaithe agus an Seimeastar Eorpach le linn chlárthréimhse 2021-2027; CUIREANN SÍ IN IÚL, áfach, nach mór an chothromaíocht idir cur chuige áitbhunaithe agus tosaíochtaí Eorpacha a áirithiú;
- na céimeanna nua i dtreo córas iniúchóireachta níos fearr atá bunaithe ar mhuinín fhadtéarmach a chothú;
- an córas maidir le coinníollacha cumasúcháin; CREIDEANN SÍ go bhfuil an measúnú ar chomhlíonadh na gcoinníollacha cumasúcháin ríthábhachtach chun an Beartas Comhtháthaithe a chur chun feidhme ar bhealach fónta gan ualach riaracháin míchuí a chur ar na Ballstáit;
- na réitigh lena gcuidítear lena áirithiú go bhfuil an cistiú comhtháthaithe comhsheasmhach le cuspóirí comhshaoil, sóisialta agus aeráide;
- loighic idirghabhála sruthlínithe agus córais tháscacha agus creat feidhmíochta simplithe; chomh maith leis an athbhreithniú meántéarma ar chláir agus ar chomhaontuithe comhpháirtíochta in 2025 lenar féidir aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua a aithnítear;
- na roghanna maidir le cur chun feidhme na gclár bainistíochta comhroinnte chun leibhéil áirithe cistiúcháin a aistriú idir na cistí agus catagóirí réigiún;
- deiseanna níos leithne chun cineálacha éagsúla tacaíochta a chomhcheangal, mar shampla ionstraimí airgeadais agus deontais;

(18) IS DÍOL SÁSAIMH DI gur chuir an Coimisiún treoir ar fáil maidir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus maidir le díonadh ar an athrú aeráide, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún samplaí den dea-chleachtas a roinnt leis na Ballstáit;

(19) IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear tús le cur chun feidhme chláir 2021-2027 gan a thuilleadh moille agus na céimeanna is gá a ghlacadh chun dlús a chur leis an gcur chun feidhme;

(20) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rannchuidiú le simpliú *inter alia* trí fhéachaint a thuilleadh ar phoitéinseal na roghanna nua ar nós maoiniú nach bhfuil nasctha le costais agus ar roghanna costas simplithe i gcoitinne, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún samplaí den dea-chleachtais a roinnt agus tacú leis na Ballstáit i ndáil leis sin;

(21) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé calaois agus éilliú a chosc agus a chomhrac; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún oibriú i ndlúthchomhar i ndáil leis na hábhair sin agus éifeachtúlacht na gcóras rialaithe a fheabhsú;

(22) IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an réamhobair a dhéanamh go tráthúil le haghaidh athbhreithniú meántéarma éifeachtach don tréimhse 2021-2027;

(23) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- bunús a thabhairt le tionchar an Bheartais Chomhtháthaithe go leanúnach trí anailís a dhéanamh ar na héifeachtaí maicreacnamaíocha agus iarmharta i gcás gach réigiúin, trí fhíricí agus figiúirí a úsáid,
- tionchar na n-infheistíochtaí a rinneadh faoin mBeartas Comhtháthaithe ar leas an phobail agus inbhuanaitheacht na n-infheistíochtaí sin a chinneadh,
- anailís a dhéanamh ar thorthaí iomadúla an Bheartais Chomhtháthaithe, lena n-áirítear i réimsí an gheilleagair, na nuálaíochta, an digitithe, na haeráide agus an chomhshaoil, gnóthaí sóisialta.

**Gné chríochach an Bheartais Chomhtháthaithe**

(24) MEASANN SÍ gur gné bhunriachtanach den Bheartas Comhtháthaithe é an cur chuige áitbhunaithe lena gcuirtear sainiúlachtaí críochacha na réigiún san áireamh;

(25) CUIREANN SÍ IN IÚL gur cheart an ghné chríochach a chur san áireamh agus ionstraimí an Aontais á gceapadh agus á gcur chun feidhme, lena n-áirítear na hionstraimí lena dtugtar freagairt ar dhúshláin dhomhanda gan choinne;

(26) CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT nach mór aird ar leith a thabhairt ar shainiúlachtaí agus ar thacaíocht na réigiún, go háirithe na réigiúin bheagfhorbartha, a ndéanann míchothromaíochtaí éagsúla struchtúracha nó buana dochar dóibh, beag beann ar a dtionscnamh;

(27) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuireann an Beartas Comhtháthaithe go mór leis na cuspóirí maidir le forbairt limistéar tuaithe agus uirbeach a bhaint amach, agus go gcuirtear bealaí cur chuige chomhtháite i leith na gcríoch chun cinn ag an am céanna;

(28) CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an comhar trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach do na Ballstáit agus dá réigiúin agus na deiseanna a bhaineann leis an gcomhar sin, agus a thábhachtaí atá sé do thíortha comharsanachta agus do thíortha a úsáideann an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais, agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go gcuireann an comhar frithpháirteach le forbairt na réigiún agus le comhtháthú an Aontais;

(29) IS DÍOL SÁSAIMH DI na deiseanna a eascraíonn as an gcomhar agus na gníomhaíochtaí comhair a leabú sna cláir dar sprioc ‘Infheistíocht le haghaidh Post agus Fáis’, mar aon le rannchuidiú an bheartais chomhtháthaithe le leabú straitéisí macrairéigiúnacha agus straitéisí a bhaineann le himchuach farraige;

(30) ADHMHAÍONN SÍ an Ciste um Aistriú Cóir arna bhunú faoi chuimsiú an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 faoinar féidir réigiún agus daoine a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta, fostaíochta, eacnamaíocha agus chomhshaoil an aistrithe i dtreo spriocanna 2030 an Aontais i ndáil le fuinneamh agus an aeráid agus i ndáil le geilleagar aeráidneodrach a bheith ag an Aontas faoi 2050;

(31) IARRANN SÍ ar na Ballstáit dlús a chur leis an ullmhúchán, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na cláir arna gcómhaoiniú faoin gCiste um Aistriú Cóir agus na pleananna críochacha um aistriú cóir faoi seach a fhormheas go pras;

(32) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún sainiúlachtaí leithdháileadh NGEU agus spriocdhátaí do chur chun feidhme na n-acmhainní sin a chur san áireamh agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit agus an Ciste um Aistriú Cóir á chur chun feidhme go tráthúil, go háirithe a mhéid a bhaineann le tionscadail mhóra chlaochlaithe;

**An Beartas Comhtháthaithe tar éis 2027**

(33) CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an comhtháthú mar phrionsabal, mar bheartas, mar chuspóir agus mar cholún de chuid an Aontais, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá leanúint den chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú, bunaithe ar rialachas láidir il-leibhéil agus ar chomhpháirtíocht leis na geallsealbhóirí réigiúnacha agus leis na saoránaigh, agus trasna réimsí beartais éagsúla an Aontais;

(34) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur beartas do na réigiúin uile é an Beartas Comhtháthaithe;

(35) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a thograí reachtacha a thíolacadh don tréimhse tar éis 2027 a luaithe is féidir tar éis an togra don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile de chuid an Aontais a bheith tíolactha;

(36) MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil na conclúidí sin gan dochar don chaibidlíocht maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2027 agus do chreat reachtach an Aontais maidir le comhtháthú;

(37) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- measúnú a dhéanamh ar gach gné den reachtaíocht maidir le 2021-2027, féachaint arís ar na deiseanna a thugtar leis an gcur chuige feidhmíochtbhunaithe agus an oiread úsáide is féidir a bhaint as an gcur chuige sin agus an chéad chreat reachtach eile á ullmhú;
- leanúint de na rialacha a shimpliú maidir le cláir an Bheartais Chomhtháthaithe a ghlacadh agus a chur chun feidhme, bunaithe ar shamplaí ar éirigh leo agus ar dhea-chleachtais d'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú i gcás na ngeallsealbhóirí uile;
- rialacha cur chun feidhme a chomhchuibhiú i gcláir éagsúla de chuid an Aontais a rannchuidíonn le cuspóirí comhchosúla chun ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint i gcás na ngeallsealbhóirí uile;
- leanúnachas i ndáil le rialacha agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú gan an t-ualach riaracháin a mhéadú;
- úsáid níos leithne an dea-chleachtais a spreagadh i gcás inar léiríodh dea-theist agus rátaí ísle earráide;

(38) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar chreat reachtach an Bheartais Chomhtháthaithe, agus díriú ag an am céanna ar chuspóirí forbartha inbhuanaithe an Aontais agus a réigiún, agus é á chur san áireamh gur cheart aghaidh a thabhairt ar shainiúlachtaí na réigiún uile agus, chomh maith leis sin, féachaint arís ar staid na réigiún atá i ngaiste forbartha agus na réigiún atá ar theorainn sheachtrach an Aontais, chun freagairt leordhóthanach a thabhairt ar na riachtanais faoi leith atá acu, agus gur cheart bearta sonracha a chur ar fáil chun tacú le forbairt na réigiún is forimeallaí;

(39) CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go bhféadfaí na héagothromaíochtaí críochacha atá sna réigiún cheana agus a chuireann bac ar chomhtháthú, ar fhás agus ar fhostaíocht a dhoimhniú go suntasach de bharr na ndúshlán déimeagrafach amhail treocht dhiúltach dhéimeagrafach, daonra atá ag dul in aois, dídhaonrú agus imirce daoine oilte; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar an gcaoi a bhféadfar aghaidh a thabhairt go hiomchuí ar na dúshláin sin;

(40) MEABHRAÍTEAR DI, i gcás cuid de na réigiún is forimeallaí agus de na Ballstáit oileánacha, go bhféadfaí gur sciar méadaitheach den daonra óg agus forimirce sa dlús daonra atá sna dúshláin dhéimeagrafacha;

(41) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint den dlúthchomhar agus den mhalartú leis na Ballstáit maidir leis na príomhghnéithe a bhaineann le ceapadh agus le cur i gcrích an bheartais le linn an phróisis ullmhúcháin don chéad phacáiste reachtach eile;

(42) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na húdaráis réigiúnacha féachaint gan dochar a dhéanamh don chomhtháthú nuair a bheidh ionstraimí infheistíochta á n-ullmhú, e.g. trína áirithiú go gcuirfidh beartais agus ionstraimí an Aontais agus na beartais agus ionstraimí náisiúnta le cóineasú agus le laghdú na neamhshiméadrachtaí idir réigiúin agus laistigh de réigiúin; [...]

(43) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ionstraimí beartais an Aontais atá ann cheana a mheas sula dtabharfar cinn nua isteach chun forluí leis na hionstraimí atá ann cheana a sheachaint, go háirithe leis an mBeartas Comhtháthaithe. Ba cheart an modh cur chun feidhme is éifeachtaí chun creat beartais an Aontais agus torthaí meastóireachta na n-ionstraimí éagsúla a shainaithint a bheith mar chuid den mheastóireacht sin;

(44) TÁ SÍ TIOMANTA I gCÓNAÍ do dhíospóireacht pholaitiúil rialta leis na hairí ábhartha sa Chomhairle Gnóthaí Ginearálta chun an Beartas Comhtháthaithe, a chur chun feidhme agus na dúshláin a d’fhéadfadh a bheith ann, a phlé.